

Fiu a bheatha bás tighearna

[McKenna, L.: *Aithdioghlúim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 65]

Diarmuid Ó Cobhthaigh cct.

1 Fiu a bheatha bás tighearna,
go dteasdá is tásg baramhla;
breith cháigh do thoigh tighearna
'n-a ghoin dáibh le daghumhla.

2 Fleadh ann ag gach éanduine
is cead ler gceann báidheine;
mairg nach tuair teagh rínimhe
's a fhleadh gan uair d'áiridhe.

3 Teagh Cásg chinidh sheanÁdhaimh
cáich don tighsin tionáilidh;
síoth ghoine ríogh rodhaoinigh
síodh oile ní hionáirimh.

4 Síoth dá thaobh dhóibh daingnighidh
a ghaol re hóigh d'airrdheanaibh;
rí 'n-a fhuilngidh anmhuirir
fuilngidh ar thrí tairngeadhaibh.

5 Fíon saor fa n-uair óirbhleidhe
- is caor do chnuas mhórMhuire
beart choimhdhe chláir ríghnimhe -
ar lámh oidhre óghMhuire.

6 Ar ndíon [dóigh a] dheaghoinigh
ag óigh do bhí [a] bharamhail;
rí 's a lámh [ga] leanamhain
do-ní fhál ar n-anaghail.

7 Cóir dhealg an uair adhainfeas
guais nach ba cealg chobhairfeas;
tarla ann ní neamhoircheas
rí 's a chlann i gcomhaightheas.

8 Do bhac fás na fíorfhaladh
teacht ó ghrás dar ngrádhughadh;
beag brígh dhoirre an Dúileamhan
coinne sídh dá sárughadh.

9 Lámh fa réir ríogh chorónta
ar ngníomh ní feidhm fadhálta;

re cáir a chneadh ndoidhíolta
bean a-bháin is baránta.

10 Rí fhóirfeas gach aindligheadh
tógbaidh dlaoi na deighshligheadh;
ré an oinigh fa urdhubhadh
oighidh Dé gur deimhnigheadh.

11 D'fhéachain nimhe is nuaishlighe
sinne is t'éanmhac d'éinfhine;
trí deilg go dún rínimhe
tar t'fheirg dhún is dréimire.

12 Fás ar gcean do cheileabhair,
dar mbáidh is beart toileamhail;
ní tóir mná gan mhuiridhin
a-tá ar óigh ót oileamain.

13 Do thréad as-teagh tobhuighthir
[libh] gan fhéachain d'ainimhchneidh;
lá coinne im chreich gcomhuighthigh
moille t'eich ní hairighthir.

14 Do líon far luing mbáithteine
tonn nachar íoc ógcoire;
d'fheartain chrú don chéadtuile
do leathnaigh tú an trócoire.

15 Síoth a-rís do-ríneabhair
d'fhíoch do bhí 'n-a bhuanfholaidh;
beart réidh th'fhine d'fhóiridhin
ód chridhe féin fuarobhair.

16 Agra chean ar chomhuighthibh
d'fheart t'athar nach faghaibhthir
dual díol gach fhir anaithnidh;
fan gcíogh libh ní labhairthir.

17 Biodhbhaidh ar iocht t'ionmhuine,
fíodh do iongair t'fhogluidhe;
do bharr ní bhia ar t'oirbhire
nach sia crann ar gcomhdhuine.

18 Roineimh na gcló gcneadharsaidh
gidh doiligh dhó an doigheachsain,
do-chí inne it uireasbhaidh
ní as tinne ná an troigheachsain.

19 T'fhearg gar siairne somhaolta

nach am d'iarraidh seinéarca;
cruaidh shídh na ndealg ndoidhíolta
nír shín acht ceard ceinéalta.

20 Do ghrás re dlaoi dealaighir
mar bhláth craoibhe ar ciniomhain;
ní thug creach uaibh d'anamhain
t'each an uair nach inshiobhail.

21 A mbí d'fhuil ret iodhainchneas
ní as-toigh fa-ríor roshloinnfeas;
reic t'fhola do b'anoircheas
dheit dar gcora i gcomhuightheas.

22 Mac ríogh go ndúil deaghoinigh
a chrú is íoc im anfholaigh;
fuair t'oidhre ón óigh d'oileamhain
a chóir oirne d'anomhain.

23 Gan uaim síodh fhir anaithnidh
ní díol dit i ndomhainchneidh;
cóir chíghe ní cronuighthir
míne as cóir re comhaighthibh.

24 Téid faoibh cur ler gcruinniughadh
fuil do thaoibh gur troimshileadh;
rífhleadh róin do-rinneabhair
far síneadh cóir choillidheadh.

25 Sibh ó ghrás ar ngeineamhain
dod ghuin do ghrádh m'anoghail
malairt duine dheigheinig
tabhairt t'fhuile ar m'anfholaigh.

26 Creach gan tóir troigh thromghonta;
cóir 'n-a fhuil gérbh inleanta
más leanb re luadh n-oidhreachta
a fhearg uadh ní hinreactha.

27 Sé slóigh ós é a n-áiridhe
ní dóigh é dar n-éaruine;
gnáth triall go teach rífhleidhe
dá mbeath nach iarr éanduine.

28 Luibh chabhra ar chóir ndoidhíolta
tarra róin an roiréalta
- teann tóir ga mbí baránta -
dóigh dhí gion gur doidhéanta.

29 Do dhearg tuar bhos mbairrleabhar,
- gan ghort ní dual deaghbhranar -
rí re clár do cuibhrigheadh;
do bhí i ndán a ndearnabhar.

30 Dar súr do bhí beoghonta
rí gan rún a dhíoghalta;
tuar [dar] bhean barr daonnachta
do threabh le crann gcíoghochta.

31 Rí ón fhiort go hionmhasail
ar líon ar gcean coimbrísidh;
clann rúin ar óigh urmaisidh,
cóir súil risin suirgheisin.

32 Creach Chasg far chóir aindeibheadh
i dtráth chóir dá gcruinniughadh;
rug cách tar cheilg gcoillidheadh
ar sgáth ndeilg gan duilliubhar.

33 Fleadh ríogh as fhearr áiridhe
raon 'n-a ceann nach caoilshlighe,
fríoth dhóibh rogha rífhleidhe
far chóir dola i ndaoinighe.

34 Dá thréad cár bh fhearr éanbhuachail
leanb is [séan i] saoirghnéithibh;
cosg leinb riamh ag ríoghmháthair
srian re a fheirg ó haoinbhréithir.

35 Bean fhir iomchras móireire
ní hiongnadh dhí a daoinighe;
lór linn mar lógh rífhleidhe
an ógh is inn d'aoinfhine.

36 Each croinn nar each inshíobhail
farbh fhearr luirg do leanamhain;
sgiath Dé i n-uair ar n-anaghail
do bhuaíl sé fan seanfhalaidh.

37 Dá ghaol féin ní fuairfhéaghain
raon réidh i n-a ríolámhaibh;
ar chlú ní fhuil éiniarraidh
nar chuir go crú an chíoghálaidh.

38 Leanb cígh do dhruim dhualasa
a cígh do bhuing beofhrasa;
guais sreabh chorcra an chíoghasa
rompa gan fhear n-eolasa.

39 Rí ar neamh is dóigh deaghoinigh
fríoth bean dó fa daghshamhail;
sé slóigh gan fhear h-anaghail
a hóigh gur bhean baramhail. Fiu.